Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12940/22**

**LIMITE**

**ENER 469**

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rún an Choimisiúin dul i mbun Idirphlé faoi Fhuinneamh, thar ceann an Aontais, maidir le hábhair fuinnimh le Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN) agus a Bhallstáit<br>– Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a chaibidil |

1. An 3 Deireadh Fómhair 2022, chuir an Coimisiún in iúl don Mheitheal um Fhuinneamh go raibh rún aige Idirphlé faoi Fhuinneamh a chaibidil, thar ceann an Aontais, maidir le cúrsaí fuinnimh le Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN) agus a Bhallstáit, d'fhonn é a shíniú, thar ceann an Aontais, le linn Chruinniú Mullaigh AE-ASEAN i mí na Nollag 2022[1].

2. Cothrom na bliana seo 45 bliana ó shin a bunaíodh an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus ASEAN. Dá bhrí sin, chun an obair ar fhuinneamh faoi chuimsiú an chomhair sin a chur ar bhonn foirmiúil, molann an Coimisiún Idirphlé a bhunú lena bhféadfaí plé struchtúrtha a dhéanamh ar réimsí éagsúla beartais lena n-áirítear an t-aistriú fuinnimh.

[1] 12938/22.

3. Phléigh an Mheitheal um Fhuinneamh an cur chuige a mhol an Coimisiún, agus é le tuiscint go gcuirfidh an Coimisiún an Mheitheal ar an eolas maidir le dul chun cinn na caibidlíochta le ASEAN, agus go bhfillfidh sé ar an gComhairle ag deireadh an phróisis caibidlíochta chun údarú a lorg ón gComhairle maidir le síniú an Idirphlé thar ceann an Aontais.

I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle go bhformheasfadh sí tús na caibidlíochta idir an Coimisiún, thar ceann an Aontais, agus ASEAN agus a Bhallstáit i ndáil le hIdirphlé faoi Fhuinneamh maidir le cúrsaí fuinnimh eatarthu.

PUBLIC